Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10792 – PHILIP MORRIS INTERNATIONAL / SWEDISH MATCH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/06)

1. An 6 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Philip Morris Holland Holdings B.V. ("PMHH", an Ísiltír), faoi rialú Philip Morris International Inc. ("PMI", na Stáit Aontaithe),

— Swedish Match AB ("Swedish Match", an tSualainn).

Gheobhaidh PMI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Swedish Match.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 11 Bealtaine 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta idirnáisiúnta tobac é PMI a mhonaraíonn agus a dhíolann toitíní agus táirgí indóite eile tobac, mar aon le táirgí agus gabhálais eile a bhfuil tobac agus nicitín iontu.

— Monaraíonn agus díolann Swedish Match táirgí éagsúla tobac béil, púitsí nicitín, agus táirgí púitse nach bhfuil nicitín ná tobac iontu, mar aon le todóga, cipíní solais, lastóirí agus táirgí eile a bhaineann le dóiteán. Tá baint ag Swedish Match freisin le dáileadh táirgí ina bhfuil tobac agus nicitín sa tSualainn agus san Iorua trí fhochuideachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10792 – PHILIP MORRIS INTERNATIONAL / SWEDISH MATCH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").